An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

**$X ´ºXJ««J $- º J«ºJ**

# Clár Ábhar


**Ceisteanna Coitianta – Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha .................................................... 1**

1. Cad is Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ann?............................................................... 1

2. Cad is abhcóide cáilithe ann?.......................................................................................... 1

3. Is abhcóide cáilithe mé. An gá mo shonraí a bheith ar an Rolla? ................................. 1

4. Cad é an míniú ar 'seirbhísí dlí'? ................................................................................... 2

**Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha – An Próiseas Iarratais .................................................. 4**

5. Conas a dhéanaim iarratas ar m'ainm a thaifeadadh ar an Rolla? ................................ 4

6. Cá fhad a thógann an próiseas iarratais le haghaidh ainm a thaifeadadh ar an Rolla?............. 4

7. Cé na costais a bhaineann le bheith ar an Rolla?........................................................... 4

**An fhaisnéis a theastaíonn le haghaidh na Foirme Iarratais............................................ 5**

8. Cad is brí le "Seirbhís lánaimseartha an Stáit"? ............................................................ 5

9. Cén rogha a roghnaím ar an bhfoirm i ndáil le 'Comhaltas den Leabharlann Dlí'? .................. 5

10. An bhfuil an cheist ar an bhfoirm faoi chlárúchán mar "dhlíodóir cláraithe" bainteach liom? 6

**Do shonraí ar an Rolla a leasú .......................................................................................... 7**

11. Cé na ceanglais maidir le mo shonraí ar an Rolla a leasú? ............................................ 7

12. Conas a iarraim leasú ar mo shonraí ar an Rolla?........................................................ 8

**Ainm a Bhaint den Rolla ..................................................................................................... 9**

13. Cé na himthosca faoina bhféadfar abhcóide a bhaint den Rolla? ................................. 9

14. Conas a dhéanaim iarratas ar m'ainm a bhaint go deonach den Rolla?........................... 10

15. An bhféadfaidh mé iarratas a dhéanamh ar ataifeadadh ar an Rolla má bhíonn orm é a fhágáil?........................................................................................................................ 10

**Ceisteanna Ginearálta .......................................................................................................11**

16. Cá háit ar féidir liom m'Uimhir Thagartha Abhcóide Chleachtaigh a fháil?........................ 11

17. An bhfuil ceanglais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ag ÚRSD ar abhcóidí?......................... 11

18. An gá dom tréimhse daltachais a chur i gcrích sula dtéim isteach sa Rolla?...................... 11

19. An eisíonn ÚRSD deimhnithe cleachta chuig abhcóidí?...................................................... 12

20. Is mian liom gearán a dhéanamh faoi abhcóide. ................................................................ 12

21. Foirmeacha Iarratais chun Duine a chur ar an Rolla, Foirmeacha um Leasú ar Shonraí ar an Rolla agus Foirmeacha um Ainm a Bhaint den Rolla ................................................................ 13

Is féidir an Fhoirm Iarratais le haghaidh ainm duine a thaifeadadh ar an Rolla a íoslódáil anseo: ........................................................................................................................................ 13

# Ceisteanna Coitianta – Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha

## 1. Cad is Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ann?

Is é is Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha ann ná clár a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát. Bhunaigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) an Rolla i mí an Mheithimh 2018 de réir an Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, arna leasú ('Acht 2015').

Déantar an Rolla a nuashonrú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD gach seachtain.

## 2. Cad is abhcóide cáilithe ann?

De réir Acht 2015, ciallaíonn "abhcóide cáilithe" duine—

(a) dár thug Cumann Onórach Óstaí an Rí céim Abhcóide Dlí nó a glaodh chun Barra na hÉireann, ach amháin i gcás, tar éis an chéim sin a thabhairt dó nó di nó é nó í a ghlaoch amhlaidh—

- (i) gur glacadh é nó í mar aturnae,
- (ii) go mbeidh Binseoirí Chumann Onórach Óstaí an Rí, roimh an dáta a thiocfaidh Cuid 6 i ngníomh, tar éis é nó í a dhíbharrú, más rud é go mbeidh éifeacht leis an díbharrú sin i gcónaí, nó
- (iii) go mbeidh a ainm nó a hainm scriosta de rolla na n-abhcóidí cleachtacha nó de rolla na n-aturnaetha ag an Ard-Chúirt, agus go bhfuil éifeacht leis an ordú sin i gcónaí.

nó

(b) is dlíodóir cláraithe, ag a bhfuil an ceart céanna éisteachta atá ag abhcóide cleachtach nó ag aturnae atá cáilithe chun cleachtadh de bhua Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú), 2003.

## 3. Is abhcóide cáilithe mé. An gá mo shonraí a bheith ar an Rolla?

Aon duine (i) arb abhcóide cáilithe é nó í, agus (ii) a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide, ní foláir dó nó di iarratas a dhéanamh chun ÚRSD chun a ainm nó a hainm a thaifeadadh ar an Rolla agus déanfaidh ÚRSD, ar bheith deimhin dó gur abhcóide cáilithe an duine, ainm an duine sin a thaifeadadh ar an Rolla.

Sonraítear an méid seo a leanas in alt 134(1) d'Acht 2015, arna leasú le halt 64 den Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023 ('Acht 2023'):

*"Aon duine arb abhcóide cáilithe é nó í agus a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide, déanfaidh sé nó sí iarratas chun an Údaráis chun a ainm nó a hainm, agus an fhaisnéis dá dtagraítear in alt 133(4) i ndáil leis nó léi, a thaifeadadh ar an rolla agus, faoi réir alt 96(6), déanfaidh an tÚdarás, ar bheith deimhin dó gur abhcóide cáilithe an duine, ainm an duine sin agus an fhaisnéis a thaifeadadh ar an rolla".*

## 4. Cad é an míniú ar 'seirbhísí dlí'?

Míniú leathan is ea an míniú ar *'seirbhísí dlí'* in Acht 2015. Liostaítear in alt 2(4)(b) den Acht, arna leasú, cad is seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide chun críocha Acht 2015 ann. Sonraítear an méid seo a leanas ann:

*"soláthraíonn duine seirbhísí dlí mar abhcóide i gcás go ndéanann sé nó sí ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:*

*(i) i ndáil le himeachtaí os comhair cúirte, binse nó fóram eadrána, cibé acu sa Stát nó i ndlínse eile, nó os comhair an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta—*

*(I) ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile os comhair na cúirte sin, an bhinse sin, an fhóraim sin nó an Bhoird sin sna himeachtaí sin,*

*(II) imeachtaí den sórt sin a thabhairt ar aghaidh nó a chosaint thar ceann duine eile,*

*(III) comhairle a thabhairt do dhuine eile i ndáil le seoladh na n-imeachtaí,*

*(IV) ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile agus comhairle a thabhairt dó nó di chun teacht ar aon socraíocht sna himeachtaí nó chun éifeacht a thabhairt d'aon socraíocht sna himeachtaí, nó*

*(V) doiciméid a tharraingt suas nó a dhréachtú do dhuine eile in oirchill na n-imeachtaí sin, nó coimhdeach leo nó i dtaca leo;*

*(ii)* *comhairle dlí a sholáthar do dhuine eile;*

*(iii)* *doiciméid dlí a tharraingt suas nó a dhréachtú do dhuine eile arb éard is cuspóir dóibh ceart dlíthiúil nó teidlíocht dhlíthiúil a áirithiú nó a aistriú ar son duine;*

(iv) *ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile nó gníomhú dó nó di i gcás go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, cearta nó oibleagáidí dlíthiúla duine á mbunú nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, na cearta nó na hoibleagáidí sin faoi dhíospóid".*

# Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha – An Próiseas Iarratais

## 5. Conas a dhéanaim iarratas ar m'ainm a thaifeadadh ar an Rolla?

Ba cheart d'abhcóidí cáilithe a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar foirm iarratais a chomhlánú, a shíniú agus a sheoladh trí ríomhphost chuig lsra-roll@lsra.ie nó i gcóip pháipéir chuig: An tAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí, An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, Bosca O.P. 12906, Baile Átha Cliath 7.

## 6. Cá fhad a thógann an próiseas iarratais le haghaidh ainm a thaifeadadh ar an Rolla?

Tar éis Foirm Iarratais atá comhlánaithe i gceart a fháil, tógann sé idir trí lá oibre agus cúig lá oibre ar ÚRSD do shonraí a chur le Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha.

## 7. Cé na costais a bhaineann le bheith ar an Rolla?

Mar ghairmithe dlí rialáilte, íocann aturnaetha agus abhcóidí tobhach bliantúil le ÚRSD. Ní ghearrtar aon chostas tráth thaifeadadh shonraí an abhcóide ar an Rolla. Bailíonn ÚRSD tobhach gach bliain uathu seo a leanas:

- Dlí-Chumann na hÉireann, a íocann tobhach comhchoiteann thar ceann aturnaetha cleachtacha;
- Barra na hÉireann, a íocann tobhach comhchoiteann thar ceann a chomhaltaí; agus
- abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, a íocann an táille ar bhonn duine aonair.

Ba cheart duit tú féin a chur ar an eolas faoin reachtaíocht maidir leis an tobhach agus faoi do dhliteanas i leith an tobhach i leith bliain tobhaigh ar leith a íoc. Tá faisnéis faoin tobhach ar fáil anseo: What Your Levy is For – An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

# An fhaisnéis a theastaíonn le haghaidh na Foirme Iarratais

## 8. Cad is brí le “Seirbhís lánaimseartha an Stáit”?

Tá an míniú ar ‘seirbhís lánaimseartha an Stáit’ le feiceáil in alt 62 d’Acht 2023 agus tá sé mar a leanas:

> *“(3) Chun críocha an Achta seo, measfar dlí-chleachtóir a bheith i seirbhís lánaimseartha an Stáit má bhíonn sé nó sí, agus an fad a bheidh sé nó sí, faoi cheangal a chuid nó a cuid ama go léir a thabhairt do sheirbhís an Stáit mar dhlí-chleachtóir agus luach saothair á fháil aige nó aici go hiomlán i leith na seirbhíse sin as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas.”*

## 9. Cén rogha a roghnaím ar an bhfoirm i ndáil le ‘Comhaltas den Leabharlann Dlí’?

Braitheann an rogha ar do chleachtas agus ar cén uair a théann tú isteach sa Leabharlann Dlí/ar cé acu a théann tú isteach sa Leabharlann Dlí nó nach dtéann. Ba cheart d’abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí ‘Níl’ a roghnú sa bhosca sin. Thug Barra na hÉireann/an Leabharlann Dlí soiléiriú do ÚRSD go sonraítear an méid seo a leanas sna rialacha uathu:

> *"**14** Ach amháin i gcás iarchomhaltaí den Leabharlann Dlí atá á n-ataifeadadh, tiocfaidh glacadh i gcomhaltas na Leabharlainne Dlí i bhfeidhm **ar an gcéad lá de Théarma na Féile Michíl** agus, ina gcás siúd nach nglactar ar an gcéad lá de Théarma na Féile Michíl, tiocfaidh glacadh ina comhaltas i bhfeidhm **ar dháta tar éis Ghlao na Féile Michíl ach roimh an 1 Nollaig i ngach bliain, mar a chinnfidh an Coiste Leabharlainne**."*

> Fágann sé sin go mbeidh iontrálaithe nua sa Leabharlann Dlí gach bliain ina gcomhaltaí idir an chéad Luan i mí Dheireadh Fómhair agus an 1 Nollaig in aon bhliain ar leith.
>
> Fágann sé sin go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh i gcás iarratasóirí céaduaire ar an Rolla:

- Más rud é, tráth atá tú ag cur d'fhoirme iarratais chun dul isteach sa Rolla isteach, gur glaodh chun Barra na hÉireann thú ach nár ghlac tú le comhaltas den Leabharlann Dlí fós, ba cheart duit a chur in iúl ar an bhfoirm *nach* comhalta den Leabharlann Dlí thú.
- Más rud é, tar éis d'ainm a thaifeadadh ar an Rolla, go dtosaíonn do chomhaltas den Leabharlann Dlí go foirmiúil, ba cheart duit iarraidh leantach a dhéanamh chun ÚRSD chun do shonraí ar an Rolla a leasú chun a chur in iúl gur comhalta thú. Is féidir leat an Fhoirm um Leasú ar Shonraí ar an Rolla a úsáid chun déanamh amhlaidh.

## 10. An bhfuil an cheist ar an bhfoirm faoi chlárúchán mar "dhlíodóir cláraithe" bainteach liom?

Ní gá an réimse sin a chomhlánú ach amháin má tá tú cláraithe le Barra na hÉireann mar Dhlíodóir Cláraithe AE. Más rud é gur thug Cumann Onórach Óstaí an Rí céim Abhcóide Dlí duit nó gur glaodh chun Barra na hÉireann thú, ní gá duit an réimse sin a chomhlánú.

# Do shonraí ar an Rolla a leasú

## 11. Cé na ceanglais maidir le mo shonraí ar an Rolla a leasú?

Le hAcht 2023, tugadh roinnt athruithe tábhachtacha isteach maidir leis an Rolla. Áirítear leo sin:

- Cuirtear oibleagáid le halt 135(5A) d'Acht 2015 ar abhcóide cleachtach a bhfuil a ainm nó a hainm iontráilte ar an Rolla fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh aon athraithe orthu seo:
    1. a ainm nó a hainm,
    2. cé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta den Leabharlann Dlí,
    3. cé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit.

Ní foláir d'abhcóide cleachtach fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh aon athraithe tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta ar ar tharla an t-athrú.

- Foráiltear le halt 135A(1) agus (2) d'Acht 2015 gurb amhlaidh, i gcás nach é an seoladh nó an seoladh ríomhphoist a fhéadfaidh an tÚdarás a úsáid chun comhfhreagras a dhéanamh le habhcóide cleachtach a sheoladh nó a seoladh le haghaidh comhfhreagrais a thuilleadh nó i gcás go dtagann athrú ar an seoladh sin, a thabharfaidh an t-abhcóide cleachtach a sheoladh reatha nó a seoladh reatha le haghaidh comhfhreagrais don Údarás laistigh de 30 lá ó dháta aon athraithe den sórt sin.

- Foráiltear le halt 135(5I) d'Acht 2015 gurb amhlaidh, maidir le mainneachtain ag abhcóide cleachtach cloí le halt 135(5A) nó le fo-alt (1) nó (2) d'alt 135A, a fhéadfar a mheas gur mí-iompar í de réir bhrí alt 50(1)(m), i.e., 'is é atá ann sárú ar an Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi'. Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar chóir a mheas gur mí-iompar í an mhainneachtain sin, féadfaidh an tÚdarás, an Coiste um Ghearáin, an Binse Araíonachta nó, de réir mar a bheidh, an Ard-Chúirt aird a thabhairt ar—

    (a) cibé acu a tharla nó nár tharla an mhainneachtain cloí leis mar thoradh ar bhreoiteacht nó éagumas an abhcóide chleachtaigh lena mbaineann, agus

    (b) cibé acu a leigheasadh nó nár leigheasadh an mhainneachtain cloí leis gan moill mhíréasúnach tar éis an tréimhse 30 lá a bheith caite.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi athruithe eile, tá Acht 2023 ar fáil ag https://www.lsra.ie/for-law- professionals/roll-of-practising-barristers/.

## 12. Conas a iarraim leasú ar mo shonraí ar an Rolla?

Chun do shonraí le ÚRSD a athrú chun dáta, déan an Fhoirm um Leasú ar Shonraí ar an Rolla a íoslódáil, a chomhlánú, a shíniú agus a chur isteach. Tá an fhoirm ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD ag https://www.lsra.ie/for-law- professionals/roll-of-practising-barristers/.

# Ainm a Bhaint den Rolla

## 13. Cé na himthosca faoina bhféadfar abhcóide a bhaint den Rolla?

Leagtar amach in alt 135 d'Acht 2015 na cúiseanna a mbainfear abhcóide den Rolla. Sonraítear an méid seo a leanas ann:

*"135. (1) Bainfidh an tÚdarás ainm duine den rolla—*

*(a) i gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi alt 85(7)(e) go scriosfar ainm an duine sin den rolla,*
*(b) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (3) nó (7) d'alt 96 maidir leis an duine sin,*
*(c) ar iarratas a fháil faoi fho-alt (3) ón duine lena mbaineann,*
(d) *ar an duine sin d'fháil bháis, i gcás go mbeidh cóip dheimhnithe, dá dtagraítear i bhfo-alt (4), den taifead i gclár na mbásanna a bhaineann leis an duine sin faighte ag an Údarás".*

Sonraítear an méid seo a leanas in alt 85(7)(e) d'Acht 2015:

*"(7) Féadfaidh an Chúirt, faoin bhfo-alt seo, le hordú, ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na nithe seo a leanas a ordú:*

*… (e) i gcás gur abhcóide an dlí-chleachtóir, go ndéanfaidh an tÚdarás, de réir Chuid 9, ainm an duine a scriosadh de rolla na n-abhcóidí cleachtacha agus an méid sin a chur in iúl don Phríomh-Bhreitheamh agus do Chumann Onórach Óstaí an Rí;"*

Sonraítear an méid seo a leanas in alt 96(3) d'Acht 2015:

*"(3) I gcás, tar éis 3 mhí a bheith caite ón dáta a thiocfaidh an méid a bheidh sonraithe i bhfógra measúnachta tobhaigh mar mhéid is iníoctha aige nó aici i leith an tobhaigh a fhorchuirtear faoin gCuid seo, chun bheith iníoctha, nach mbeidh an méid sin go léir, mar aon le haon ús ar an méid neamhíoctha a bheidh fabhraithe de réir fho-alt (1) ar an méid sin, íoctha ag abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí, bainfidh an tÚdarás ainm an abhcóide de rolla na n-abhcóidí cleachtacha."*

Sonraítear an méid seo a leanas in alt 96(7) d'Acht 2015:

*"(7) I gcás—*

*(a) go mbeidh fógra measúnachta tobhaigh tugtha ag an Údarás d'abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí,*
*(b) go ndéanfaidh an t-abhcóide lena mbaineann iarratas chun an Údaráis faoi alt 135(3), agus*

(c) *amhail dáta déanta an iarratais dá dtagraítear i mír (b), nach mbeidh an méid a bheidh sonraithe san fhógra measúnachta tobhaigh dá dtagraítear i mír (a) mar mhéid is iníoctha aige nó aici i leith an tobhaigh a fhorchuirtear faoin gCuid seo, mar aon le haon ús ar an méid neamhíoctha a bheidh fabhraithe de réir fho-alt (1) ar an méid sin, íoctha ag an abhcóide lena mbaineann, bainfidh an tÚdarás ainm an abhcóide den rolla agus measfar an bhaint sin a bheith déanta faoi fho-alt (3) agus beidh feidhm ag fo-alt (6) dá réir."*

## 14. Conas a dhéanaim iarratas ar m'ainm a bhaint go deonach den Rolla?

Mura mian leat a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach, ní foláir duit iarratas a dhéanamh chuig ÚRSD go mbainfí d'ainm den Rolla.

Comhlánaigh an Fhoirm um Ainm a Bhaint go Deonach, sínigh í agus seol ar ais í trí ríomhphost nó tríd an bpost. Tá an fhoirm ar fáil ag https://www.lsra.ie/for-law-professionals/roll-of-practising-barristers/.

## 15. An bhféadfaidh mé iarratas a dhéanamh ar ataifeadadh ar an Rolla má bhíonn orm é a fhágáil?

Is ar an gcúis atá le do bhaint den Rolla a bhraitheann an cheist faoi cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar ataifeadadh. Má bhaintear abhcóide den Rolla as mainneachtain tobhach a íoc, forchoimeádann ÚRSD an ceart chun íocaíocht as aon tobhach amuigh agus ús a lorg sula gceadóidh sé ataifeadadh ar an Rolla, i gcás go ndéanfar iarratas den sórt sin.

Má bhaintear abhcóide den Rolla le hordú ón Ard-Chúirt faoi alt 85(7)(e) d'Acht 2015, ní bheidh ÚRSD in ann an duine sin a chur leis an Rolla, i gcás go ndéanfar iarratas ar ataifeadadh.

Más rud é gur abhcóide thú atá ag déanamh iarratas ar ataifeadadh ar an Rolla agus nach bhfuil aon tobhach gan íoc agat agus nár baineadh d'ainm den Rolla faoi alt 85(7)(e) d'Acht 2015, cuirfidh ÚRSD do shonraí leis an Rolla laistigh de thréimhse idir trí lá agus cúig lá ó Fhoirm Iarratais chun Duine a chur ar an Rolla atá comhlánaithe i gceart a fháil.

## Ceisteanna Ginearálta

### 16. Cá háit ar féidir liom m'Uimhir Thagartha Abhcóide Chleachtaigh a fháil?

Nuair a chuireann ÚRSD abhcóide leis an Rolla, eisímid litir trí ríomhphost ina ndeimhnítear gur cuireadh a shonraí nó a sonraí leis an Rolla agus ina dtugtar faisnéis maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla agus maidir leis an tobhach bliantúil. Sannann ÚRSD Uimhir Thagartha Abhcóide Chleachtaigh don abhcóide agus luaitear an uimhir sin sa litir sin. Ba cheart d'abhcóidí an uimhir thagartha sin a úsáid agus iad ag déanamh comhfhreagras le hAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí ÚRSD.

Eisíonn ÚRSD ríomhphost uair amháin sa bhliain chuig gach abhcóide atá ar an Rolla freisin, ina n-iarrtar orthu a gcuid sonraí ar an Rolla a sheiceáil. Luaitear Uimhir Thagartha Abhcóide Chleachtaigh an abhcóide i gcorp an ríomhphoist sin, a eisítear i mí na Samhna/mí na Nollag gach bliain chuig an seoladh ríomhphoist atá ar comhad don abhcóide.

### 17. An bhfuil ceanglais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ag ÚRSD ar abhcóidí?

Tháinig Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha arna eisiúint ag ÚRSD i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2024. Sonraítear an méid seo a leanas sa rannán den Chód a bhaineann le 'Oideachas dlí leantach':

> *"3.33 Ní foláir d'abhcóide cleachtach an t-oideachas leantach agus an fhorbairt ghairmiúil is gá a dhéanamh chun leibhéal leordhóthanach eolais agus inniúlachta ina réimse/réimsí cleachtais a chinntiú. Ní foláir d'abhcóide cleachtach cloí le haon cheanglais íosta maidir le hoideachas leantach agus le forbairt ghairmiúil a fhorordóidh an tÚdarás agus ní foláir dó nó di cloí freisin le haon cheanglais íosta maidir le hoideachas leantach agus forbairt ghairmiúil a fhorordóidh aon chomhlacht gairmiúil a bhfuil sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de."*

Cé nár fhorordaigh ÚRSD aon cheanglais íosta fós maidir le hoideachas leantach agus le forbairt ghairmiúil, is féidir go ndéanfaidh sé amhlaidh amach anseo.

Níor shocraigh ÚRSD aon cheanglais shonracha oideachais dlí leantaigh ar abhcóidí cleachtacha atá i bhfostaíocht.

### 18. An gá dom tréimhse daltachais a chur i gcrích sula dtéim isteach sa Rolla?

Ní chuireann ÚRSD aon cheanglas ar abhcóidí dul faoi dhaltachas chun dul isteach i Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha. Tá rialacha a bhaineann le daltachas ag Cumann Onórach Óstaí an Rí agus ag Barra na hÉireann araon ina gcóid iompair faoi seach.

Tháinig an Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha arna eisiúint ag ÚRSD i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2024. Mar a fheicfidh tú, ní leagtar amach sa Chód sin aon cheanglais daltachais, cé go luaitear "daltachas" i bhfomhír 3.20 (vii).

D'fhéadfadh gur mhaith leat a thabhairt faoi deara go sonraítear an méid seo a leanas i mír 1.3:
*Ní ghabhann an Cód seo ionad an Chóid Iompair do Bharra na hÉireann, ionad Chód Gairmiúil Chumann Onórach Óstaí an Rí ná ionad aon chóid ghairmiúil eile a bhféadfadh abhcóidí cleachtacha a bheith faoina réir…*

Pléitear le daltachas i mír 60 den Chód Iompair d'Abhcóidí ar Chlár Comhaltaí an Chumainn arna eisiúint ag Cumann Onórach Óstaí an Rí.

Pléitear le daltachas i mír 8.7 den Chód Iompair do Bharra na hÉireann arna eisiúint ag Barra na hÉireann. Pléitear leis i míreanna éagsúla eile freisin.

## 19. An eisíonn ÚRSD deimhnithe cleachta chuig abhcóidí?

Níl aon cheanglas ann faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ar ÚRSD deimhnithe cleachta a thabhairt d'abhcóidí. Féadfaidh ÚRSD litir a thabhairt d'abhcóidí cleachtacha (a) ina ndeimhnítear go bhfuil a gcuid sonraí taifeadta ar an Rolla agus (b) ina bpléitear a dtaifead araíonachta má theastaíonn sé uathu.

## 20. Is mian liom gearán a dhéanamh faoi abhcóide.

Tá na mionsonraí teagmhála le haghaidh an Aonaid Gearán agus Réiteach mar a leanas:

Seoladh ríomhphoist: complaints@lsra.ie.

Uimhir Theileafóin: 01-8592911.

Bíonn línte sheirbhís gearán ÚRSD ar oscailt idir 10 am agus 12:30 pm ó Luan go Céadaoin.

Is féidir faisnéis maidir le gearán a dhéanamh a fháil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD ag Make a Complaint – An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

## 21. Foirmeacha Iarratais chun Duine a chur ar an Rolla, Foirmeacha um Leasú ar Shonraí ar an Rolla agus Foirmeacha um Ainm a Bhaint den Rolla

**Is féidir an Fhoirm Iarratais le haghaidh ainm duine a thaifeadadh ar an Rolla a íoslódáil anseo:**

- Foirm Iarratais chun Duine a chur ar an Rolla (Béarla)
- Foirm Iarratais chun Duine a chur ar an Rolla (Gaeilge)

- Foirm um Leasú ar Shonraí ar an Rolla (Béarla)
- Foirm um Leasú ar Shonraí ar an Rolla (Gaeilge)

- Foirm um Ainm a Bhaint go Deonach (Béarla)
- Foirm um Ainm a Bhaint go Deonach (Gaeilge)

**Is féidir leagan scanta de na foirmeacha sínithe**

- A sheoladh le ríomhphost chuig lsra-roll@lsra.ie nó
- A sheoladh le cóip pháipéir chuig:

An tAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí, An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, Bosca O.P. 12906, Baile Átha Cliath 7.

**An tAonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí**
**1 Lúnasa 2025**

An tÚdarás Rialála
Seirbhísí Dlí
Legal Services
Regulatory Authority